

# Scoil Oilibhéir

An Chúil Mhín

Cluain Saileach

Baile Átha Cliath 15

D15 PX99

**Príomhoide:** Antóin Ó Cléirigh

**Dáta:** 14 Meitheamh 2023

A Chairde,

**Príomhoide Tánaisteach:** Lára Ní Riain

Táim ag scríobh chugaibh thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, agus tá dea-scéala agam daoibh. Mar is eol daoibh, tá obair leanúnach ar siúl ag an mBord, i bpáirt leis an Roinn Oideachais, chun fás agus forbairt na scoile a éascú. Ligfidh sé seo dúinn i Scoil Oilibhéir freastal ar an éileamh láidir leanúnach ar an nGaelscolaíocht i mBaile Átha Cliath 15. Ar ndóigh, tógann na tionscnaimh seo tamall agus chuir COVID agus imeachtaí eile moill ar an dul chun cinn ach tá an Bord tar éis a bheith á plé leis an Roinn ar bhonn leanúnach.

Mar chuid den obair seo, d'aithin an Bord go bhfuil an foirgneamh reatha ag dul in aois agus go bhfuil sé sin le feiceáil anois. Mar is eol dúinn, tá úsáid agus costas an fhuinnimh ina rud fíorthábhachtach sa lá atá inniu ann. Níl ansin ach sampla amháin den saghas fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú le seanfhoirgnimh. Le teacht go réamhghníomhach roimh dheacrachtaí móra sna blianta beaga atá romhainn, ardaíodh staid an fhoirgnimh reatha leis an Roinn Oideachais. Tá lúcháir ar an mBord go bhfuil aitheanta ag an Roinn Oideachais, agus glactha acu leis, go solathraíonn an tionscnamh forbartha seo deis chun aghaidh a thabhairt ar an obair nuachóirithe atá riachtanach don fhoirgneamh reatha. Níltear ar aon fhocal go foil faoi conas é seo a dhéanamh ach beidh an Bord ag obair leis an bhFoireann Deartha chun na féidearthachtaí ar fad a chíoradh maidir leis seo.

Níl aon amhras ach gur dea-scéal é seo. Ar ndóigh, an chloch is mó a bheidh ar phaidrín an Bhoird ná cur isteach ar ghnáthshaol na scoile a laghdú ach tá an Bord ar bís leanúint leis an obair seo le go mbainfidh pobal na scoile taitneamh agus tairbhe as timpeallacht foghlama den chéad scoth.

Próiseas fada a bheidh i gceist leis seo agus ní bheidh aon tionchar láithreach aige ar ghnáthshaol laethúil na scoile. Roinnfidh tuilleadh eolais agus na forbairtí seo ag dul ar aghaidh.


*I am writing to you on behalf of the Board of Management, and I have some great news! As you know, there is work ongoing by the Board, in partnership with the Department of Education, to facilitate the growth and development of the school. This will allow us in Scoil Oilibhéir to serve the enduring strong demand for a Gaelscoil education in Dublin 15. Of course, these projects take time and COVID and other events have delayed progress but the Board has been continually engaging with the Department.*

*As part of this work, the Board recognised that the current building is getting older and showing its age. As we know, energy usage and costs are a huge issue in the current climate. This is but one example of the kind of problems that can develop in older buildings. To proactively prevent serious difficulties in the coming years, the state of the current building was raised with the Department of Education. The Board are delighted to inform you that the Department of Education has recognised, and accepted, that this development project provides an opportunity to address necessary modernisation works to the existing building. How exactly this will be done has not been decided but the Board will work with the Design Team to explore all the possibilities in this regard.*

*There is no doubt that this is great news. Of course, our first priority will be to reduce any disruption to the everyday life of the school but the Board is excited to continue with this work so that our school community will enjoy and benefit from a state-of-the-art learning environment.*

*This will be a lengthy process and will not have any immediate impact on the day to day life of the school. We will share more information as developments continue.*

Le gach uile bheannacht,



Antóin Ó Cléirigh